Údarás na Gaeltachta

# Scéim Scoláireachta do Phrintísigh

**LEAGAN GAEILGE** LEAGAN BÉARLA



# Clár

## Leagan Gaeilge


**An Scéim Scoláireachta do Phrintísigh** 3

**Cód Cleachtais – SOLAS** 4

**Critéir Incháilitheachta** 5

Printíseacht Ceirde

Printíseacht do Ghlúin Nua

**An Próiseas** 7

Scéim Printíseachta Ceirde

Scéim Printíseachta do Ghlúin Nua

**Tacaíocht Airgeadais atá ar fáil faoin Scéim Printíseachta Ceirde** 9

Tacaíocht Airgeadais don Fhostóir

Tacaíocht Airgeadais don Phrintíseach

**Teistiméireachtaí** 10

**Ag Réiteach d'Agallamh na Scéime Scoláireachta do Phrintísigh** 11

Roinnt leideanna a d'fhéadfadh cuidiú leat réiteach don agallamh


## English Language Version


**The Apprentice Scholarship Scheme** 12

**Code of Practice – SOLAS** 13

**Eligibility Criteria** 14

Trade Apprenticeship

New Generation Apprenticeship

**The Process** 17

Trade Apprenticeship

New Generation Apprenticeship

**Financial Support available under the Trade Apprenticeship Scheme** 19

Financial Support for the Employer

Financial Support for the Apprentice

**Testimonials** 20

**Preparing for the Interview for the Apprenticeship Scheme** 21

Points which may assist in preparing for the interview

# An Scéim Scoláireachta do Phrintísigh




Cuireann Scéim Scoláireachta do Phrintísigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht airgeadais ar fáil do rannpháirtithe atá cláraithe faoin scéim agus tugann deis dóibh a gcuid scileanna a fhorbairt agus aitheantas acadúil a bhaint amach ina bPrintíseach cláraithe.

Tacaíonn an Scéim Scoláireachta do Phrintísigh le hiarrthóirí Gaeltachta a bhfuil Gaeilge líofa acu agus cuireann sé ar a gcumas cáilíocht a bhaint amach i gceann de na ceirdeanna atá aitheanta ag SOLAS. Áirítear Printíseachtaí Ceirde agus Printíseachtaí do Ghlúin Nua faoin scéim agus tá liosta iomlán na bPrintíseachtaí ar fáil ag www.apprenticeship.ie.

Fógraítear an Scéim Scoláireachta do Phrintísigh faoi dhó in aghaidh na bliana le linn thréimhse an Earraigh agus an tSamhraidh. Is féidir leat do spéis sa Scéim a chlárú ag https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/oiliuint/deiseanna-sceim-na-bprintiseach/

Roghnaítear rannpháirtithe na scéime tar éis próiseas agallaimh. Bronntar Scoláireacht ar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo. Is faoi na hiarrthóirí a n-éiríonn leo agus a fhaigheann tairiscint tacaíochta atá sé Fostóir/Conraitheoir cláraithe lena mbeidh siad ag obair ar feadh thréimhse an Phrintíseachta a shainaithint. Ní mór don Fhostóir/Conraitheoir ansin an Printíseach a chlárú leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.

# Cód Cleachtais – SOLAS




Leagtar amach sa "Cód Cleachtais do Phrintísigh agus d'Fhostóirí" dualgais an Phrintísigh agus an Fhostóra le linn thréimhse na Printíseachta.

Tá an Cód Cleachtais ar fáil ag: ↗

SOLAS learning works

# Critéir Incháilitheachta



Tá na riachtanais cháilíochta chun páirt a ghlacadh sa Scéim Printíseachta leagtha amach thíos:

## Riachtanas Iontrála do Phrintíseachtaí Ceirde

Is í an aois íosta ag ar féidir le printíseach tús a chur lena chuid/cuid oibre ná 16 bliana d'aois.

Is iad seo a leanas na riachtanais oideachais íosta:

- Grád D i gcúig ábhar i dTeastas Sóisearach na Roinne Oideachais & Scileanna nó a chomhionann ceadaithe,

  *nó*

- Cúrsa Réamhphrintíseachta ceadaithe a bheith curtha i gcrích

  *nó*


- Taithí oibre trí bliana a bheith faighte agus an té os cionn sé bliana déag d'aois i ngníomhaíocht tionscail ainmnithe iomchuí a mheasfaidh SOLAS a bheith inghlactha

Ba chóir a thabhairt ar aird gurb iad seo na riachtanais oideachais íosta atá ceadaithe faoi láthair do chláir phrintíseachta. Mar sin féin, bheadh taithí roimhe seo ar na hábhair seo a leanas ina buntáiste ach níl an taithí sin riachtanach: Matamaitic, Teicneolaíocht, Líníocht Theicniúil/Grafaic, Fisic agus Staidéar Foirgníochta.

## Printíseacht do Ghlúin Nua

Tá coinníollacha iontrála difriúla ag na scéimeanna printíseachta do Ghlúin Nua agus ní mar a chéile a bhíonn fad na gcúrsaí. Chun tuilleadh eolais a fháil féach: www.apprenticeship.ie

# An Próiseas



## Printíseacht Cheirde

Maireann clár oiliúna na Printíseachta Ceirde ar feadh ceithre bliana de ghnáth. Le linn na tréimhse sin beidh an printíseach fostaithe ag an bhFostóir/Conraitheoir. Caithfidh an Printíseach tréimhsí ama ag obair leis an bhFostóir/Conraitheoir. Caithfidh sé/sí tréimhsí ag freastal ar chúrsaí blocscaoilte ("Blocscaoileadh") arna n-eagrú ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. Beidh na cúrsaí sin ar siúl in Ionaid na mBord Oideachais agus Oiliúna / in Institiúidí Tríú Leibhéal. Is coinníoll den scéim é go bhfreastalaíonn an printíseach ar na cúrsaí sin.

Nuair a bheidh an Printíseach lánch※áilithe bronnfar Teastas Leibhéal 6 QQI air/uirthi.

**Tuarastal**

- Íocfaidh an Fostóir/Conraitheoir tuarastal leis an bprintíseach le linn na tréimhse oibre.
- Íocfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna liúntas oiliúna leis an printíseach le linn dó/di a bheith ag freastal ar chúrsaí blocscaoilte.



# Printíseacht do Ghlúin Nua

Tá sainchláir oiliúna ag leibhéil acadúla éagsúla ag na Printíseachtaí do Ghlúin Nua. Maireann na cláir seo ar feadh tréimhsí éagsúla ag brath ar chineál an chúrsa.

Tá coinníollacha na gcúrsaí aonair le fáil anseo – www.apprenticeship.ie

**Tuarastal**
Níl an struchtúr pá mar a chéile leis an struchtúr atá leagtha amach thuas do Phrintísigh Ceirde – d'fhéadfadh níos lú pá a bheith i gceist mar nach dtógann sé chomh fada céanna an cháilíocht a bhaint amach. Tá scéim tacaíochta bhreise ar fáil ón Rialtas d'fhostóirí a thugann faoi Phrintíseachtaí do Ghlúin Nua. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: www.apprenticeshiponline.ie/.

**Nóta d'Fhostóirí**
Má tá printíseach á fhostú agat, d'fhéadfadh sé/sí a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar Scéim Scoláireachta do Phrintísigh Údarás na Gaeltachta. Déan teagmháil leis an oifig áitiúil de chuid Údarás na Gaeltachta nó le d'Fheidhmeannach Forbartha chun na tacaíochtaí atá ar fáil a phlé.

# Tacaíocht Airgeadais atá ar fáil faoin Scéim Printíseachta Ceirde



## Don Fhostóir – uasíocaíocht €2,800 i gcaitheamh 4 bliana. Is mar seo a leanas a bheidh na híocaíochtaí sin sceidealaithe:

- €700 nuair a bheidh an Printíseach cláraithe ag an bhFostóir;
- €700 nuair a thosófar Céim 2 den Chlár Oiliúna do Phrintísigh;
- €700 nuair a thosófar Céim 4 den Chlár Oiliúna do Phrintísigh;
- €700 nuair a thosófar Céim 6 den Chlár Oiliúna do Phrintísigh

## I gcás an Phrintísigh, beidh uasíocaíocht fhoriomlán €2,300 iníoctha i gcaitheamh na 4 bliana Is mar seo a leanas a bheidh na híocaíochtaí sceidealaithe:

- €700 nuair a thosófar Céim 3 i ndiaidh pas a fháil i scrúdú Chéim 2.
- €700 nuair a thosófar Céim 5 i ndiaidh pas a fháil i scrúdú Chéim 4.
- €700 nuair a thosófar Céim 7 i ndiaidh pas a fháil i scrúdú Chéim 6.
- €200 ó chiste speisialta nuair a bhronnfar Cáilíocht QQI – Leibhéal 6 ort.

# Teistiméireachtaí


"Tá mé i mo Phrintíseach leictreach faoi Scoláireacht Phrintíseachta Údarás na Gaeltachta faoi láthair. Is iontach an deis é seo, agus mholfainn go mór do mhná eile tabhairt faoin ngairm seo. Tá mé ag obair ag Líonraí BSL faoi láthair agus tá mé fíorshásta le mo chuid oibre. Mholfainn go mór Scéim Printíseachta Údarás na Gaeltachta."
**Sadhbh Ní Fhatharta**

"Fuair mé Scoláireacht Phrintíseachta ó Údarás na Gaeltachta in 2015 mar Phluiméir. Tá mé lánch않áilithe anois agus tá mo Chomhlacht féin bunaithe agam. Tá Printíseach óg fostaithe agam atá ag foghlaim na ceirde. Le linn thréimhse na printíseachta, bronnadh Craobh na hÉireann i bPrintíseacht orm in 2017 agus chuaigh mé ar aghaidh chuig an gCraobh Domhanda. Is iontach an deis é seo do Mhuintir na Gaeltachta, lena chinntiú go mbeidh ceardaithe cáilithe ar fáil sa nGaeltacht. Molaim go mór Scéim Printíseachta Údarás na Gaeltachta."
**Jeaic Ó Domhnaill**

"Fuair mé Scoláireacht Phrintíseachta ó Údarás na Gaeltachta in 2021 mar Theicneoir Cuntasaíochta. Tá mé láncháilithe anois, agus fostaithe ag gnólacht cuntasaíochta i mBéal an Mhuirthead."
**Michaela Ní Nuain**

"Is mise Terence McDonagh as Indreabhán. D'fhoghlaim mé mo cheird faoi Scéim Scoláireachta do Phrintísigh Údarás na Gaeltachta roinnt mhaith blianta ó shin. Is pluiméar lánchแáilithe anois mé agus tá mo chomhlacht féin bunaithe agam le seirbhís a chur ar fáil go háitiúil. Tá beirt Phrintíseach óga fostaithe agam (mo mhac féin ar dhuine acu). Is deis mhaith é seo do Mhuintir na Gaeltachta, lena chinntiú go bhfuil ceardaithe cáilithe ar fáil sa nGaeltacht. Tá ardmholadh tuillte ag Údarás na Gaeltachta as an Scéim Printíseachta."

# Ag Réiteach d'Agallamh na Scéime Scoláireachta do Phrintísigh:



## Leideanna a d'fhéadfadh cabhrú leat réiteach don agallamh:

- Bí réidh chun eolas ginearálta a thabhairt fút féin – cuir tú féin in aithne don bhord agallaimh
- Bí réidh chun do Chaitheamh Aimsire agus d'ábhair Scoile a phlé
- Céard atá ar eolas agat faoi Obair Foirne – an bhfuil tú go maith ag obair mar chuid d'fhoireann?
- Eolas teicniúil faoi do cheird – an féidir leat an cineál sin eolais a chur ar fáil?
- Taithí Oibre – an bhfuil aon Taithí Oibre déanta agat a bhaineann leis an gceird atá roghnaithe agat?
- Cén eolas atá agat faoi Údarás na Gaeltachta? – féach www.udaras.ie
- Saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta – An bhfuil Cúrsa "Pas Shábháilte" déanta agat?
- Tabhair faoin agallamh ar bhealach atá gairmiúil
- Bí gléasta go cuí (éadaí gnó)
- Bí in am don agallamh
- Éist go cúramach leis na ceisteanna a chuirtear ort
- Labhair go breá soiléir
- Glac sos má bhristear snáithe do smaointe
- Cuir ceist mura dtuigeann tú ceist a chuirtear ort


Údarás na Gaeltachta

# Scholarship Scheme for Apprentices

IRISH LANGUAGE VERSION **ENGLISH LANGUAGE VERSION**



# The Apprentice Scholarship Scheme




Údarás na Gaeltachta's Apprentice Scholarship Scheme provides financial support to registeted scheme participants and offers them the opportunity to develop their skills and achieve academic recognition as a registered Apprentice.

The Apprentice Scholarship Scheme supports Gaeltacht candidates who are fluent in Irish and enables them achieve a qualification in one of the trades recognised by SOLAS. This inclues Trade Apprenticeshps and New Generation Apprenticeships the full list of Apprenticeships is available at www.apprenticeship.ie)

The Apprentice Scholarship Scheme is advertised twice yearly during the Spring and Summer period. You may register your interest in the Scheme at udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/oiliuint/deiseanna-sceim-na-bprintiseach/

Scheme participants are selected following an an interview process. Successful canditates are awarded a Scholarship. It is the responsibility of successful candidates who receive an offer of support to to identify registered Employer/Contractor with whom they will work for the duration of the Apprenticship. The Employer/Contractor must then register the Apprentice with the Education and Training Board.

# Code of Practice – SOLAS




The “Code of Practice for Apprentices and Employers” sets out the duties of the Apprentice and of the Employer during the Apprenticeship period.

The Code of Practice is available at ↗

SOLAS
learning works

# Eligibility Criteria



The qualification requirements for participation under the Apprenticeship Scheme are set out below:

## Entry Requirements for Trade Apprenticeships

The minimum age at which the employment of an apprentice may commence is 16 years of age. The minimum educational requirements are:

- Grade D in five subjects in the Department of Education & Skills Junior Certificate Examination or an approved equivalent,

  *or*

- The successful completion of an approved Pre-Apprenticeship course

  *or*


- Three years' work experience gained over sixteen years of age in a relevant designated industrial activity as SOLAS shall deem acceptable

It should be noted that these are the current approved minimum educational requirements for apprenticeship programmes. However, previous experience of the following subjects would be an advantage but not essential: Mathematics, Technology, Technical Drawing/ Graphics, Physics and Construction Studies.

## New Generation Apprenticeship

The New-Generation apprenticeship schemes have different entry conditions and course durations vary. For more information please see: www.apprenticeship.ie

# The Process



## Trade Apprenticeship

The Trade Apprenticeship training program typically lasts for four years. During that period, the apprentice will be employed by the Employer/ Contractor. The Apprentice spends periods working with the Employer/ Contractor. She/He will also spend periods attending Block Release ("Block Release") courses organised by the Education and Training Board. They take place in Education and Training Board Centers / 3rd Level Institutions. It is a condition of the scheme that the apprentice attends these courses.

When the Apprentice is fully qualified He/She is awarded a Level 6 – QQI Certificate.

### Salary

- The Employer/Contractor pays wages to the apprentice during the working period.
- The Education and Training Board pays the apprentice a training allowance while attending the Block-Release courses



# New Generation Apprenticeship

The New-Generation Apprenticeships have specific training programmes at different academic levels. These programmes last for different durations depending on the nature of the course.

Please see each individual course regarding conditions: www.apprenticeship.ie

**Salary**

The pay structure is different to that set out above for Trade Apprentices – the pay may be less due to the shorter time required to achieve the qualification. There is an additional support scheme available from the Government for employers who take on New-Generation Apprenticeships. More information is available here: www.apprenticeshiponline.ie/

**Note for Employers**

As a registered employer, if you are employing an apprentice, She/He may be eligible to apply for the Údarás na Gaeltachta Apprenticeship Scholarship Scheme. Please contact your local Údarás na Gaeltachta office or your Development Executive to discuss the supports available.

# Financial Support available under the Trade Apprenticeship Scheme



## Employer – maximum payment of €2,800 over 4 years. This payments are scheduled as follows:

- €700 when the Apprentice is registered by the Employer;
- €700 on commencement of Phase 2 of Apprentice Training Programme;
- €700 on commencement of Phase 4 of Apprentice Training Programme;
- €700 on commencement of Phase 6) of Apprentice Training Programme

## For the Apprentice an overall maximum payment of €2,300 is payable over 4 years. The payments are scheduled as follows:

- €700 on commencement of Phase 3 having passed the Phase 2 exam.
- €700 on commencement of Phase 5 having passed the Phase 4 exam..
- €700 on commencement of Phase 7 having passed the Phase 6 exam.
- €200 from a special fund when you have been awarded QQI Qualification – Level 6.

# Testimonials


"I am currently on an Apprenticeship Scholarship from Údarás na Gaeltachta as an electrical Apprentice. This is a great opportunity, and I would highly recommend other women to take up this profession. I am currently employed by ESB Networks, and I am very happy with the work. I highly recommend the Údarás na Gaeltachta Apprenticeship Scheme."
**Sadhbh Ní Fhatharta**

"I received an Apprenticeship Scholarship from Údarás na Gaeltachta in 2015 as a Plumber. I am now fully qualified, and have set up my own Company. I have employed a young Apprentice, learning the trade. During the apprenticeship period, I was awarded the Irish Championship in Apprenticeship in 2017, and went on to the World Championship. This is a great opportunity for Muintir na Gaeltachta, to ensure that qualified craftsmen are available in the Gaeltacht. I highly recommend the Údarás na Gaeltachta Apprenticeship Scheme."
**Jeaic Ó Domhnaill**

"I received an Apprenticeship Scholarship from Údarás na Gaeltachta in 2021 as an Accounting Technician. I am now fully qualified, and employed by an accountancy firm in Belmullet."
**Michaela Ní Nuain**

"I'm Terence McDonagh from Inverin. I learned my trade while under the Údarás na Gaeltachta Apprenticeship Scholarship Scheme some years ago. I am now qualified as a plumber, and have set up my own company, providing a service locally. I have employed two young Apprentices (including my own son). This is a good opportunity for Muintir na Gaeltachta, to ensure that qualified craftsmen are available in the Gaeltacht. Great praise goes to Údarás na Gaeltachta for the Apprenticeship Scheme."

# Preparing for the interview for the Apprenticeship Scholarship Scheme:



## Points which may assist in preparing for interview:

- Be prepared to provide general information about yourself to the interview board
- Be ready to discuss your Hobbies and Schhool subjects
- What do you know of Teamwork – are you good at working as part of a team?
- Technical knowledge of your trade – can you provide this type of information?
- Work Experience – have you done any Work Experience related to the trade you have chosen?
- What to you know about Údarás na Gaeltachta – see www.udaras.ie
- Health and Safety Issues– Have you done a “Safe Pass” Course?
- Conduct the interview in a professional manner
- Dress appropriately (business attire)
- Be on time for the interview
- Listen carefully to the questions
- Speak clearly
- Take a break if you lose your train of thought
- Ask questions if you do understand a question you are asked



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

**Fón:** 091-503100
**Rphost:** eolas@udaras.ie